II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/923 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Bealtaine 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le luaidhe agus a comhdhúile in PVC

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 68(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Nollaig 2016, thíolaic an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht"), ar iarraidh ón gCoimisiún, sainchomhad ([2]) de bhun Airteagal 69(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ("sainchomhad Iarscríbhinn XV"), lena léirítear go gcuireann scaoileadh luaidhe ó earraí a táirgeadh ó pholaiméirí nó ó chomhpholaiméirí de chlóiríd vinile ("PVC"), ina bhfuil cobhsaitheoirí luaidhe, le linn a saolré, go díreach nó go hindíreach le nochtadh an duine don luaidhe. Mhol an Ghníomhaireacht i sainchomhad Iarscríbhinn XV go ndéanfar cur ar an margadh nó úsáid luaidhe in earraí a táirgeadh ó PVC a shrianadh más amhlaidh go mbeidh tiúchan luaidhe 0.1 % de réir mheáchan an ábhar PVC nó níos mó ná sin. Os rud é nach bhfuil comhdhúile luaidhe in ann PVC a chobhsú ar bhealach éifeachtach i dtiúchan faoi bhun 0.5 % de réir meáchain, ba cheart go n-áiritheofar leis an teorainn tiúchana molta nach féidir comhdhúile luaidhe a chur isteach d'aon ghnó mar chobhsaitheoirí le linn cumaisc PVC a thuilleadh san Aontas. Chuir an Ghníomhaireacht roinnt maoluithe ar an srian beartaithe seo isteach i sainchomhad Iarscríbhinn XV, go háirithe maidir le hearraí PVC ina bhfuil PVC athshlánaithe. Tá "athshlánaithe" á úsáid i gcomhréir leis na sainmhíniú ar "athshlánú ábhar" in Airteagal 3, pointe 15a, de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(2) Is substaint thocsaineach í luaidhe a bhfuil tionchar aici ar fhorbairt an néarchórais, a ghineann galar duáin ainsealach agus a bhfuil éifeachtaí díobhálacha aici ar an mbrú fola. Cé nár bunaíodh tairseach le haghaidh éifeachtaí néarfhorbartha i leanaí ná le haghaidh éifeachtaí duánacha, de réir na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Bia sáraíonn nochtadh reatha an duine do luaidhe i mbia agus ó fhoinsí eile fós na leibhéil nochta inghlactha, agus as sin tagann éifeachtaí díobhálacha néarfhorbartha i leanaí ([4]).

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

([2]) https://echa.europa.eu/documents/10162/e70aee23-157b-b2a4-2cae-c42a1278072c (tuarascáil); https://echa.europa.eu/documents/10162/cc1c37a8-22f9-7a7a-cb33-5c29edba7094 (iarscríbhinn)

([3]) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

([4]) Painéal EFSA maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra (CONTAM); Scientific Opinion on lead in food [Tuairim Eolaíoch maidir le luaidhe i mbia]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2010; 8(4):1570.

(3) Le cobhsaitheoirí luaidhe, méadaítear teirmeachobhsaíocht PVC le linn cumaisc agus táirgeadh earraí. Déantar PVC a chosaint in aghaidh fótai-dhíghrádaithe leo, freisin. Chuir tionscal san Aontas deireadh go deonach le cobhsaitheoirí luaidhe a úsáid i gcumasc agus in earraí PVC agus thuairiscigh siad gur cuireadh críoch rathúil leis an bpróiseas in 2015 ([5]). Earraí PVC ina bhfuil luaidhe, go háirithe táirgí tógála, tá ré fada seirbhíse acu, agus leantar lena n-úsáid ar feadh tréimhsí níos faide ná roinnt dacáidí. Ina dhiaidh sin, déantar dramhaíl díobh tráth a ndiúscartha agus féadfar athchúrsáil a dhéanamh orthu, agus an fhéidearthacht ann sa chás sin go dtabharfaí luaidhe isteach arís i dtáirgí tríd an PVC athshlánaithe. Léirigh sainchomhad Iarscríbhinn XV go raibh 90 % de na hastaíochtaí luaidhe iomlána ó earraí PVC san Aontas sa bhliain 2016 mar thoradh ar earraí allmhairithe PVC, de bharr deireadh a bheith curtha le húsáid cobhsaitheoirí luaidhe san Aontas.

(4) Chun forfheidhmiú an tsriain atá beartaithe a éascú, is iomchuí aon luaidhe atá in PVC a shrianadh, gan beann ar an bhfeidhm a bhí beartaithe leis.

(5) An 5 Nollaig 2017, ghlac Coiste um Measúnú Riosca na Gníomhaireachta ("RAC") a thuairim dheiridh ([6]) lenar chinn sé gurb é an srian a mhol an Ghníomhaireacht an beart uile-Aontais ab iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaithníodh atá ann de bharr comhdhúile luaidhe a bheith ann mar chobhsaitheoirí in earraí PVC, is é sin gurb é an beart ab iomchuí é ó thaobh éifeachtachta i laghdú an riosca de, ó thaobh praiticiúlachta de agus ó thaobh inmhonatóireachta de.

(6) Mhol RAC go gcuirfí toirmeasc ar aon tiúchan luaidhe a úsáid in earraí PVC. D'aontaigh RAC leis an nGníomhaireacht freisin gur ceart maolú a leagan síos maidir le hearraí PVC ina bhfuil PVC athshlánaithe. Mhol RAC áfach gur ceart teorainneacha níos airde a bhunú maidir le cion luaidhe i gcás earraí áirithe PVC ina bhfuil PVC athshlánaithe atá docht agus solúbtha, agus an teorainn sin a bhunú ag 2 % agus 1 % de réir meáchain, faoi seach. Maidir leis an rogha malartach ar earraí den sórt sin a athchúrsáil, i.e. dramhaíl PVC a dhiúscairt trí líonadh talún agus loscadh, thug an moladh sin san áireamh an meastachán go méadódh sí na hastaíochtaí sa chomhshaol agus nach laghdódh sí an riosca. Chuir na teorainneacha éagsúla a moladh san áireamh an meán-ábhar luaidhe measta de dhramhaíl PVC docht agus solúbtha in 2013, an tionchar a bhfuiltear ag súil leis ar mhéideanna athchúrsála agus gur eol go bhfuil scaoileadh luaidhe ó PVC solúbtha níos airde i gcomparáid leis an gceann ó PVC docht. Tugadh aird chuí go bhfuil cion ard de PVC athshlánaithe i roinnt earraí a d'fhéadfadh 100 % den PVC de réir meáchain a bhaint amach san earra deiridh.

(7) An 15 Márta 2018, ghlac Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch ("SEAC") na Gníomhaireachta a thuairim dheiridh ([7]), inar chinn sé gurb é an srian atá beartaithe ag an nGníomhaireacht, arna mhodhnú ag RAC agus SEAC araon, an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sainaitheanta, ó thaobh na sochar socheacnamaíoch agus na gcostas socheacnamaíoch a bhaineann leis de. Tháinig SEAC ar an gconclúid sin bunaithe ar an bhfianaise is fearr atá ar fáil, ag cur san áireamh airíonna luaidhe mar shubstaint thocsaineach neamhthairseach agus an tionchar atá aici ar shláinte an duine, agus inacmhainneacht na gcostas a bhaineann leis an srian atá beartaithe. Mheas SEAC go bhfuil roghanna oiriúnacha eile ar fáil go forleathan agus in úsáid cheana féin san Aontas. Rinne sé cost-éifeachtúlacht an tsriain a mheas freisin. Ar deireadh, tháinig sé ar an gconclúid gur leor fiú na tionchair theoranta ar shláinte an duine maidir le caillteanas a bhaineann leis an sainuimhir intleachta chun teacht cothrom le costais an tsriain.

(8) Ag féachaint don éabhlóid réamh-mheasta ar an tiúchan luaidhe in PVC athshlánaithe, d'aontaigh SEAC leis an moladh i sainchomhad Iarscríbhinn XV go laghdódh an tiúchan sin faoi 2035 - 2040 a dhóthain chun ligean d'earraí PVC ina bhfuil PVC athshlánaithe an teorainn ghinearálta tiúchana luaidhe 0.1 % atá beartaithe a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag an maolú ar earraí PVC áirithe ina bhfuil PVC athshlánaithe ar feadh 15 bliana ó theacht i bhfeidhm an tsriain. D'aontaigh SEAC freisin, chun an éiginnteacht maidir leis na treochtaí amach anseo a chur san áireamh maidir le méid na dramhaíola PVC a bheidh á athchúrsáil agus an t-ábhar luaidhe a bheidh ag baint leis, gur cheart an tréimhse chur i bhfeidhm sin a athmheasúnú laistigh de 10 mbliana ó theacht i bhfeidhm an tsriain. I gcomhréir le haidhm Phlean Gníomhaíochta 2015 an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach ([8]) chun timthriallta ábhar neamhthocsaineach a chur chun cinn agus an t-ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a chaomhnú, mheas an Coimisiún gur cheart an tréimhse chur i bhfeidhm sin a athmheasúnú laistigh de 7.5 bliana ó theacht i bhfeidhm an tsriain.

([5]) Tuarascáil VinylPlus ar dhul chun cinn don bhliain 2017, lch. 14; féach https://vinylplus.eu/uploads/downloads/VinylPlus_Progress_Report_2017.pdf.

([6]) https://echa.europa.eu/documents/10162/86b00b9e-2852-d8d4-5fd7-be1e747ad7fa.

([7]) https://echa.europa.eu/documents/10162/86b00b9e-2852-d8d4-5fd7-be1e747ad7fa.

([8]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. An Ciorcal a shlánú - Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach. COM/2015/0614 críochnaitheach.

(9) Chuathas i gcomhairle le Fóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú na Gníomhaireachta maidir leis an srian a bheartaítear agus cuireadh a thuairim san áireamh, rud a d'fhág go ndearnadh cur síos modhnaithe ar an raon feidhme agus ar na maoluithe ón srian a bheartaítear.

(10) An 26 Aibreán 2018, chuir an Ghníomhaireacht tuairimí deiridh RAC agus SEAC faoi bhráid an Choimisiúin.

(11) Agus sainchomhad Iarscríbhinn XV agus tuairimí RAC agus SEAC á gcur san áireamh, agus os rud é go bhfuil riosca doghlactha do shláinte an duine ó luaidhe in earraí PVC, mhol an Coimisiún dréacht-rialachán ón gCoimisiún lena gcuirtear srian ar úsáid aon tiúchan luaidhe agus a chomhdhúile in earraí PVC agus ar chur ar an margadh luaidhe agus comhdhúile luaidhe in earraí PVC i dtiúchan atá cothrom le 0.1 % nó níos mó ná 0.1 % de réir meáchain den ábhar PVC ("an dréacht-rialachán"). An 20 Samhain 2019, fuair an dréacht-rialachán tuairim fhabhrach ón gCoiste a bunaíodh faoi Airteagal 133 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

(12) I gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 133(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, ghlac Parlaimint na hEorpa rún lena ndearnadh an dréachtrialachán a agóid an 12 Feabhra 2020 ([9]). Dá bhrí sin, níor ghlac an Coimisiún an dréachtrialachán.

(13) Ina rún, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún deireadh a chur leis na maoluithe maidir le PVC athshlánaithe, toisc go mbeadh tuliompar luaidhe go táirgí nua de thoradh air. D'iarr an Pharlaimint freisin go gcuirfí deireadh leis an maolú don dá lí luaidhe atá faoi réir an chórais údaraithe faoi REACH. Ina theannta sin, na ceanglais mharcála atá beartaithe le haghaidh earraí PVC ina bhfuil PVC athshlánaithe, iarradh ar an gCoimisiún na ceanglais sin a scriosadh toisc gur mheas sí go raibh sé míthreorach agus nach léiríonn sé go bhfuil méideanna níos airde luaidhe in PVC athshlánaithe ná mar atá in PVC nuatháirgthe. Ar deireadh, maidir leis an idirthréimhse a bheartaítear ina mbeidh feidhm ag forálacha an rialacháin, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún an idirthréimhse sin a laghdú.

(14) Tá measúnú cúramach déanta ag an gCoimisiún ar rún na Parlaiminte agus admhaíonn sé gur gá aghaidh a thabhairt ar ábhair imní áirithe. Ina theannta sin, measann sé go bhfuil riosca doghlactha fós ann do shláinte an duine ó luaidhe in earraí PVC, rud nach mór aghaidh a thabhairt air ar bhonn uile-Aontais. I bhfianaise an chúlra sin, chinn an Coimisiún roinnt d'fhorálacha an dréachtrialacháin a leasú chun na hargóintí a rinne an Pharlaimint a léiriú agus chun sonraí ábhartha nua a fuarthas ón nGníomhaireacht agus ó pháirtithe leasmhara a chur san áireamh.

(15) Go háirithe, measann an Coimisiún, maidir le teicneolaíochtaí athchúrsála glaine lena gceadaítear substaintí leagáide ar údar imní iad, lena n-áirítear luaidhe, a bhaint ó dhramhaíl PVC, gur cheart na teicneolaíochtaí sin a mholadh. Teicneolaíochtaí athchúrsála atá ann faoi láthair, áfach, féadfaidh siad substaintí leagáide a laghdú ach gan iad a dhíothú go hiomlán. Is gá, dá bhrí sin, teorainn tiúchana 0.1 % luaidhe de réir meáchain a shocrú, ní hamháin chun luaidhe agus a chomhdhúile in PVC a chur ar an margadh, ach chun go bhféadfar earraí ina bhfuil níos lú ná 0.1 % luaidhe de réir meáchain d'ábhar PVC a chur ar an margadh agus leanúint d'ábhar PVC ina bhfuil luaidhe faoi bhun na teorann sin a úsáid in earraí, amhail ábhar PVC a athshlánaítear trí athchúrsáil cheimiceach nó trí thuaslagadh tuaslagóra agus ina bhfuil méideanna an-bheag luaidhe.

(16) Mar mhodh chun teorainn a chur le tuliompar luaidhe i dtáirgí nua, ba cheart an maolú d'earraí PVC ina bhfuil PVC solúbtha athshlánaithe a bhaint as an dréachtrialachán. Ba cheart tréimhse 24 mhí a dheonú d'oibreoirí eacnamaíocha chun go mbeidís in ann oiriúnú do na ceanglais nua.

(17) Mar sin féin, ba cheart maolú a leagan síos maidir le hearraí PVC áirithe ina bhfuil PVC docht athshlánaithe chun cothromaíocht chuí a bhaint amach idir na buntáistí fadtéarmacha foriomlána ó úsáid chiorclach na n-ábhar sin agus na hábhair imní sláinte fadtéarmacha foriomlána a bhaineann leis an ábhar athshlánaithe sin. Tar éis tuairiscí ón tionscal go bhfuil an meántiúchan luaidhe in PVC docht athshlánaithe faoi bhun 1.5 % mar gheall ar ghnáth-mheascadh dramhaíola réamh-thomhaltóra agus iar-thomhaltóra, ba cheart an teorainn tiúchana luaidhe atá ceadaithe in PVC docht athshlánaithe a laghdú ó 2 % go 1.5 % de réir meáchain. Chun cosc a chur ar láisteadh luaidhe agus ar fhoirmiú deannaigh ina bhfuil luaidhe, ba cheart PVC docht athshlánaithe in earraí atá maolaithe a iniamh go hiomlán laistigh de shraith de PVC nuatháirgthe, de PVC athshlánaithe nó d'ábhar oiriúnach eile ina

([9]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Feabhra 2020 maidir leis an dréachtrialachán ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le luaidhe agus comhdhúile luaidhe (IO C 294, 23.7.2021, lch. 2).

bhfuil níos lú ná 0.1 % luaidhe de réir meáchain, mura bhfuil an t-earra atá maolaithe dorochtana le linn gnáthúsáide. Ina theannta sin, aontaíonn an Coimisiún leis an bParlaimint gur cheart na tairbhí do chosaint sláinte a bhaintear amach leis an srian a shaothrú níos tapúla. Dá bhrí sin, ba cheart fad an mhaolaithe a laghdú ó 15 go 10 mbliana. Ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú ar an maolú 5 bliana ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an tsriain. Ba cheart go n-áireofar san athbhreithniú fíorú treochtaí maidir le tiúchan luaidhe in PVC athshlánaithe, infhaighteacht teicnící dí-éilliúcháin leordhóthanacha agus an tionchar socheacnamaíoch a bhaineann le deireadh a chur leis an maolú, ag cur san áireamh an riosca do shláinte an duine agus don chomhshaol.

(18) Chun an méid luaidhe ó PVC docht athshlánaithe a theorannú chuig earraí aitheanta áirithe, maidir le PVC docht a athshlánaíodh ó phróifílí agus ó leatháin i bhfoirgnimh agus in oibreacha innealtóireachta sibhialta agus ina bhfuil níos mó ná 0.1 % de luaidhe de réir meáchain den PVC, níor cheart an PVC docht sin a úsáid ach amháin chun próifílí agus leatháin PVC a tháirgeadh le haghaidh na bhfeidhmeanna céanna. In éineacht le hoibleagáidí marcála iomchuí, ba cheart go n-áiritheofaí leis seo freisin sainaithint táirgí a bhfuil luaidhe iontu agus go n-éascófaí gníomhaíochtaí dí-éilliúcháin amach anseo. Ba cheart freisin bailiú agus athchúrsáil ar leithligh píopaí PVC a chur chun cinn (is annamh a athchúrsáiltear iad faoi láthair), mar go mbeidh ar tháirgeoirí píopaí a bhaineann úsáid as PVC a athshlánaíodh ó phróifílí agus ó leatháin chun píopaí nua a tháirgeadh faoi láthair foinse eile PVC a chur ina ionad. Mar sin féin, chun dóthain ama a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha bailiú agus athchúrsáil dramhaíola PVC tiomnaithe a chur i bhfeidhm, a slabhraí soláthair a atheagrú agus, i gcás inar gá, PVC athshlánaithe a fháil ó fhoinsí eile seachas próifílí agus leatháin, ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin tar éis 36 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(19) Chun críoch forfheidhmithe agus chun a áirithiú go gcuirtear gairmithe agus tomhaltóirí ar an eolas go cuí faoi na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart earraí PVC ina bhfuil PVC docht athshlánaithe a mharcáil má tá luaidhe iontu i dtiúchan atá cothrom le 0.1 % nó níos mó ná 0.1 % de réir meáchain den ábhar PVC. Ba cheart go n-éascódh sé seo freisin bailiú ar leithligh de dhramhaíl ina bhfuil luaidhe.

(20) Ag cur san áireamh na deacrachtaí maidir le fáil amach an de bhunadh athshlánaithe é PVC in earraí, ba cheart go mbeadh soláthraithe earraí PVC a bhaineann leas as maoluithe a bhaineann lena n-ábhar in PVC athshlánaithe in ann tionscnamh athshlánaithe an ábhair a chruthú trí fhianaise dhoiciméadach a chur i láthair. San Aontas, tá roinnt scéimeanna deimhniúcháin, agus iad ar fad bunaithe ar shonraíochtaí teicniúla in EN 15343:2007 ([10]), ar fáil d'athchúrsálaithe chun tacú le héilimh ar inrianaitheacht PVC athshlánaithe. I bhfianaise an easpa modhanna praiticiúla oiriúnacha le go bhféadfaidh údaráis forfheidhmithe éilimh um athshlánú a bhaineann le PVC athshlánaithe in earraí allmhairithe a fhíorú, ba cheart bunús a thabhairt d'éilimh den sórt sin trí dheimhniú neamhspleách tríú páirtí.

(21) An maolú sonrach a moladh roimhe seo do na líocha luaidhe "sulfa-crómáit luaidhe - buí" agus "crómáit luaidhe, molabdáit luaidhe agus sulfáit luaidhe - dearg", ba cheart an maolú sin a bhaint as an dréachtrialachán. I bhfianaise cásdlí le déanaí ([11]) agus rún na Gníomhaireachta sainchomhad srianta a thíolacadh de bhun Airteagal 69(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a bhaineann leis na rioscaí a eascraíonn as úsáid an dá lí luaidhe sin, measann an Coimisiún nach bhfuil gá leis an maolú sin anois.

(22) I bhfianaise na rioscaí ísle agus an easpa roghanna oiriúnacha eile, ba cheart go leagfaí amach maolú le haghaidh deighilteoirí PVC-silice i gceallraí luaidhe ar feadh tréimhse 10 mbliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus meastar go mbeidh roghanna malartacha oiriúnacha ar fáil ina dhiaidh sin.

(23) Chun rialáil dhúbailte a sheachaint, ba cheart maolú a leagan síos maidir le hearraí a chumhdaítear cheana le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 nó le reachtaíocht eile de chuid an Aontais a rialaíonn ábhar luaidhe in PVC.

([10]) Caighdeán EN 15343:2007 maidir le Plaistigh - Plaistigh Athchúrsáilte - Inrianaitheacht athchúrsála plaistigh agus measúnú ar chomhréireacht agus ar ábhar athchúrsáilte, arna fhormheas ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú an 2 Samhain 2007.

([11]) *An Coimisiún Eorpach v Ríocht na Sualainne*, Cás C-389/19 P, ECLI:EU:C:2021:131.

(24) Ós rud é nach bhfuil tionscal san Aontas ag baint úsáid as cobhsaitheoirí luaidhe in PVC ó 2015, meastar gur leor tréimhse 18 mí chun go mbeidh formhór na n-oibreoirí eacnamaíocha in ann oiriúnú do na ceanglais nua, a stoc a dhiúscairt agus faisnéis ábhartha maidir leis an srian a chur in iúl laistigh dá slabhraí soláthair. Ina theannta sin, níor cheart go mbeadh feidhm ag an srian maidir le hearraí PVC a cuireadh ar an margadh cheana roimh dheireadh na tréimhse sin, mar go mbeadh deacrachtaí forfheidhmithe suntasacha mar thoradh air sin.

(25) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú dá réir sin.

(26) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bunú faoi Airteagal 133 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In iontráil 63, colún 2, d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

	"15. Ní chuirfear ar an margadh iad ná ní úsáidfear iad in earraí a tháirgtear ó pholaiméirí nó ó chomhpholaiméirí clóiríde vinile ('PVC'), má tá tiúchan na luaidhe cothrom le 0.1 % nó níos mó ná sin de réir mheáchan an ábhair PVC. 16. Beidh feidhm ag mír 15 ón 29 Samhain 2024. 17. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag mír 15 maidir le hearraí PVC ina bhfuil PVC solúbtha aisghafa go dtí an 28 Bealtaine 2025. 18. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag mír 15 maidir leis na hearraí PVC seo a leanas ina bhfuil PVC docht aisghafa go dtí an 28 Bealtaine 2033, más rud é go bhfuil tiúchan na luaidhe níos lú ná 1,5 % de réir mheáchan an ábhair PVC aisghafa: (a) próifílí agus leatháin le haghaidh feidhmeanna seachtracha i bhfoirgnimh agus in oibreacha innealtóireachta sibhialta, cé is moite de dheiceanna agus léibhinní; (b) próifílí agus leatháin le haghaidh deiceanna agus léibhinní, ar choinníoll gur i sraith láir a úsáidtear an PVC aisghafa agus go bhfuil sé clúdaithe go hiomlán faoi shraith PVC nó sraith d'ábhar eile ar lú ná 0,1 % tiúchan na luaidhe de réir meáchain; (c) próifílí agus leatháin atá le húsáid i spásanna faoi cheilt nó i bhfolúis i bhfoirgnimh agus in oibreacha innealtóireachta sibhialta (i gcás nach mbíonn rochtain orthu le linn gnáthúsáide, cé is moite de chothabháil, duchtanna cáblaí mar shampla); (d) próifílí agus leatháin le haghaidh feidhmeanna foirgneamh intí, ar choinníoll go ndéantar dromchla iomlán na próifíle nó an leatháin a mbeidh a aghaidh leis na codanna den fhoirgneamh a bhfuil cónaí iontu tar éis na suiteála, go ndéantar é a tháirgeadh as PVC nó ábhar eile ar lú ná 0,1 % tiúchan na luaidhe de réir meáchain; (e) píopaí ilsraitheanna (cé is moite de phíopaí le haghaidh uisce óil), ar choinníoll gur i sraith láir a úsáidtear an PVC aisghafa agus go bhfuil sé clúdaithe go hiomlán faoi shraith PVC nó sraith d'ábhar eile ar lú ná 0,1 % tiúchan na luaidhe de réir meáchain; (f) feistis, cé is moite d'fheistis le haghaidh píopaí i gcomhair uisce óil. Ón 28 Bealtaine 2026 ní úsáidfear PVC docht aisghafa ó na catagóirí earraí dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) ach amháin chun earraí nua in aon cheann de na catagóirí sin a tháirgeadh. Soláthraithe d'earraí PVC ina bhfuil PVC docht aisghafa a bhfuil an tiúchan luaidhe atá ann cothrom le, nó níos mó ná, 0,1 % de réir mheáchan an ábhair PVC, áiritheoidh siad, sula gcuirfidh siad na hearraí sin ar an margadh, go mbeidh an ráiteas seo a leanas marcáilte orthu go feiceálach, soléite, doscriosta: '≥ 0,1 % luaidhe istigh'. I gcás nach féidir an mharcáil a chur ar an earra toisc an chineáil earra atá ann, beidh sé ar phacáistíocht an earra. Soláthraithe d'earraí PVC ina bhfuil PVC docht aisghafa, déanfaidh siad fianaise dhoiciméadach a chur faoi bhráid na n-údarás forfheidhmithe náisiúnta ach sin a iarraidh orthu, fianaise lena dtabharfar bunús lena maítear i leith thionscnamh aisghafa an PVC sna hearraí sin. Deimhnithe arna n-eisiúint ag scéimeanna um chruthúnas a sholáthar maidir le hinrianaitheacht agus ábhar athchúrsáilte, amhail iad sin a forbraíodh i gcomhréir le EN 15343:2007 nó le caighdeáin aitheanta choibhéiseacha, sin nithe a fhéadfar a úsáid chun bunús a thabhairt lena leithéid de mhaíomh i leith earraí PVC a táirgeadh san Aontas. Agus maíomh á dhéanamh maidir le tionscnamh aisghafa an PVC in earraí allmhairithe, beidh deimhniú ag gabháil leis an maíomh sin, deimhniú lena soláthrófar cruthúnas coibhéiseach maidir le hinrianaitheacht agus ábhar athchúrsáilte, arna eisiúint ag tríú páirtí neamhspleách. Faoin 28 Bealtaine 2028, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an mír seo i bhfianaise faisnéis eolaíoch nua agus, más iomchuí, déanfaidh sé í a mhodhnú dá réir. 19. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag mír 15 maidir leis an méid seo a leanas: (a) Deighilteoirí PVC-silice i gceallraí luaidhe-aigéadacha, go dtí an 28 Bealtaine 2033; (b) earraí a chumhdaítear le mír 1, i gcomhréir le míreanna 2 go 5, agus le mír 7 i gcomhréir le míreanna 8 agus 10; (c) earraí laistigh de raon feidhme: (i) Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004; (ii) Treoir 2011/65/AE; (iii) Treoir 94/62/CE; (iv) Treoir 2009/48/CE. 20. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag mír 15 maidir le hearraí PVC a chuirtear ar an margadh go dtí an 28 Samhain 2024."